C/2026/3487

2.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3487)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Arancia Rossa di Sicilia'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0317-AM01 — 15.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Arancia Rossa di Sicilia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – Cur Chun Cinn na Cáilíochta Agraibhia (PQA) 1

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil athrú ar an ainm i gceist leo, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Teidil airteagal a chur isteach sa tsonraíocht

Tuairisc

Cuireadh teidil airteagal isteach sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Airteagal 1 den tsonraíocht: tagairt níos sonraí do chineálacha

Tuairisc

In Airteagal 1 den tsonraíocht, sonraíodh go bhfuil na cineálacha lítheach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht agus pointe 4.2 den doiciméad aonair

Tuairisc

In Airteagal 2 den tsonraíocht agus i bpointe 4.2 den doiciméad aonair, cuireadh saothróga ina bhfuil bia lítheach isteach ar a bhfuil eolas agus a ndearnadh tástáil orthu sa tSicil. Tá saintréithe TGFC Arancia Rossa di Sicilia iontu agus tá siad iontráilte sa chlár náisiúnta de speicis barr torthaí a cheadaítear lena ndíol.

Baineadh roinnt saothróg den tsonraíocht freisin.

Thairis sin, liostaíodh saothróga Tarocco, Moro agus Sanguinello ar bhealach níos mionsonraithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht agus pointe 4.2 den doiciméad aonair

Tuairisc

Cuireadh faisnéis a tugadh roimhe seo in iar-Airteagal 6 den tsonraíocht le téacs Airteagal 2 den tsonraíocht agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair. Athbhreithníodh an téacs chun lamháltas i dtéarmaí meáchain nó an lín oráistí a chur isteach, i gcás gach saothróige, mar aon le ceanglas maidir le cion íosta sú. Ina theannta sin, athraíodh foclaíocht na míre maidir le horáistí atá beartaithe lena bpróiseáil. Ar deireadh, scriosadh an fhoráil faoina bhféadfadh an Aireacht teorainneacha a leagan síos maidir le hiarmhair táirgí sláinte plandaí agus oibríochtaí feirmeoireachta a rialáil.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 3 den tsonraíocht agus pointe 5 den doiciméad aonair

Tuairisc

Sainíodh an limistéar táirgeachta ar bhealach níos cruinne gan a theorainneacha a athrú. Ceartaíodh ainmneacha dhá bhardas.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 4 den tsonraíocht: foclaíocht an téacs a athrú go hiomlán

Tuairisc

Aistríodh téacs Airteagal 4 den tsonraíocht go hAirteagal 5 agus cuireadh an méid seo a leanas ina ionad: 'Ní mór faireachán a dhéanamh ar gach céim den phróiseas táirgthe, agus na hionchuir agus na haschuir uile a thaifeadadh. Iontráiltear táirgeoirí agus pacáisteoirí i gcláir shonracha arna mbainistiú ag an gcomhlacht cigireachta agus tugtar fógra don chomhlacht rialúcháin faoi na cainníochtaí a tháirgtear laistigh de sprioc-amanna sonracha, rud a áirithíonn inrianaitheacht táirgí. Beidh gach duine nádúrtha agus dlítheanach a bhfuil a n-ainmneacha sna cláir faoi réir seiceálacha ag an gcomhlacht cigireachta i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus leis an bplean rialaithe.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht: foclaíocht an téacs a athrú go hiomlán

Tuairisc

Ós rud é nach gcomhlíonann téacs iar-Airteagal 5 dlí an Aontais a thuilleadh, scriosadh é agus cuireadh téacs iar-Airteagal 4 ina ionad, arna leasú de réir mar ba ghá. Bhain na leasuithe go háirithe leis an bhféidearthacht prúnáil mheicniúil a dhéanamh, méadú ar an dlús plandaithe, an sainmhíniú ar fhréamhstoic oiriúnacha agus méadú ar an táirgeadh uasta in aghaidh an aonaid plandaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 6, 'Nasc leis an limistéar geografach', den tsonraíocht

Tuairisc

Aistríodh téacs shean-Airteagal 6 go hAirteagal 2 agus cuireadh téacs phointe 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair ina ionad.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht: seiceálacha

Tuairisc

Aistríodh téacs Airteagal 7 den tsonraíocht maidir le pacáistiú agus lipéadú go hAirteagal 8 agus cuireadh an méid seo a leanas ina ionad:

'Ní mór do chomhlacht cigireachta seiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge i gcomhréir le hAirteagal 39 agus 40 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 den tsonraíocht agus pointí 4.5 agus 4.6 den doiciméad aonair

Tuairisc

Scriosadh téacs Airteagal 8 den tsonraíocht agus cuireadh na rialacha maidir le pacáistiú agus lipéadú a leagadh amach roimhe seo in Airteagal 7 ina ionad. Leathnaíodh agus leasaíodh na rialacha de réir mar ba ghá. Go háirithe, socraíodh ceanglais shonracha maidir le pacáistiú le haghaidh gach saothróige, arna miondealú de réir méide, agus leasaíodh na rialacha lipéadaithe chun ainm an chineáil a chur san áireamh. Ar deireadh, cuireadh lógó ainmniúcháin isteach ar féidir é a úsáid ar ghreamáin ar oráistí aonair freisin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Arancia Rossa di Sicilia'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0317-AM01 — 15.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Arancia Rossa di Sicilia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

11 — Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta

07 — Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite

10 — Gránaigh

20 — Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí

08 — Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Forchoimeádtar an tásc geografach faoi chosaint 'Arancia Rossa di Sicilia' le haghaidh thorthaí na gcineálacha seo a leanas:

— Tarocco, ag a bhfuil na saothróga seo a leanas: Tarocco Comune, Tarocco Gallo, Tarocco dal Muso M403, Tarocco Nucellare 57-1E-1, Tarocco Scirè, Tarocchino, Tarocco Gallo M128, Tarocco Gallo Nucellare C898, Tarocco Gallo V.C.R., Tarocco Fondaconovo VCR, Tarocco Gabella M230, Tarocco Ippolito M2016, Tarocco Lempso Nuc. C5787, Tarocco Meli Nucellare C8158, Tarocco Messina Nucellare C1635, Tarocco Messina rotondo nuc. C 2014, Tarocco Rosso V.C.R., Tarocco Rosso M55, Tarocco S. Alfio M509, Tarocco Sciara Nucellare C1882, Tarocco Scirè M11, Tarocco Scirè Nucellare D2062, Tarocco Scirè Nucellare D2071, Tarocco Scirè V.C.R., Tarocco Tapi, Tarocco TDV agus Vigo;

— Moro, ag a bhfuil na saothróga seo a leanas: Moro, Moro di Lentini M45 agus Moro Nucellare 58-8D-1;

— Sanguinello, ag a bhfuil na saothróga seo a leanas: Sanguinello Comune, Sanguinello Moscato, Sanguinello Moscato M308, Sanguinello Moscato Nucellare 49-5-5, Sanguinello Moscato Cuscunà Nucellare 58-52F-1 agus Sanguinello S.S.A. Nucellare 66-SSA-12;

fásadh é in úlloird aonchineálacha i limistéar ábhartha Réigiún na Sicile.

Saintréith de 'Arancia Rossa di Sicilia' is ea antóiciaininí a bheith ann agus ní mór na hairíonna seo a leanas a bheith aige nuair a scaoiltear lena thomhailt é:

'Arancia Rossa di Sicilia' – Tarocco

Trastomhas íosta: 73-84 mm.

Íosmhéid: 5.

Lamháltas: féadfaidh uasmhéid 10 %, de réir lín nó meáchain, de na torthaí a bheith ar an méid atá díreach faoi bhun na méide a léirítear ar an lipéad.

Cruth: Cruinn, sféarúil nó ubhchruthach ag a bhfuil bonn atá starrach a bheag nó a mhór ('soc' fada nó gearr).

Dath an chraicinn: oráiste neodrach lena mbaineann ruainníní dhath an ghairnéid de dhéine éagsúil, agus dromchla an-mhín aige, ag brath ar an gcrios táirgthe agus ar thráth na buaine.

Bia: dath ómra lena mbaineann stríoca dearga de dhéine éagsúil, ag brath ar an gcrios táirgthe agus ar thráth na buaine.

Íoschion sú: ≥ 30 % de mheáchan na dtorthaí.

Dath an tsú: dath dearg na fola mar gheall ar líocha uisce thuaslagtha (anthocianiní) sa bhia agus sa chraiceann.

An cóimheas idir solaid intuaslagtha agus aigéid orgánacha intoirtmheasctha: nach lú ná 8,0.

Méid siúcra sú, arna shloinneadh in g/100 ml: ar a laghad 10 gcéim Brix.

'Arancia Rossa di Sicilia' – Moro

Trastomhas íosta: 67-76 mm.

Íosmhéid: 7.

Lamháltas: féadfaidh uasmhéid 10 %, de réir lín nó meáchain, de na torthaí a bheith ar an méid atá díreach faoi bhun na méide a léirítear ar an lipéad.

Cruth: cruinn, sféarúil nó ubhchruthach.

Dath an chraicinn: oráiste lena mbaineann ruainníní dhath dearg an fhíona, níos suntasaí ar thaobh amháin de na torthaí, ag brath ar an gcrios táirgthe agus ar thráth na buaine.

Bia: dath aonfhoirmeach dúdhearg an fhíona agus é sách aigéadach.

Íoschion sú: ≥ 30 % de mheáchan na dtorthaí.

Dath an tsú: dath dearg na fola de dhéine éagsúil mar gheall ar líocha uisce thuaslagtha (anthocianiní) sa bhia agus sa chraiceann.

An cóimheas idir solaid intuaslagtha agus aigéid orgánacha intoirtmheasctha: nach lú ná 8,0.

Méid siúcra sú, arna shloinneadh in g/100 ml: ar a laghad 9 gcéim Brix.

'Arancia Rossa di Sicilia' – Sanguinello

Trastomhas íosta: 67-76 mm.

Íosmhéid: 7.

Lamháltas: féadfaidh uasmhéid 10 %, de réir lín nó meáchain, de na torthaí a bheith ar an méid atá díreach faoi bhun na méide a léirítear ar an lipéad.

Cruth: cruinn le haghaidh na saothróg Moscato agus Moscato Cuscunà, sféarúil nó ubhchruthach.

Dath an chraicinn: oráiste lena mbaineann ruainníní dearga de dhéine éagsúil, agus dromchla beagán garbh, ag brath ar an gcrios táirgthe agus ar thráth na buaine.

Bia: dath ómra lena mbaineann stríoca dearga de dhéine éagsúil, ag brath ar an gcrios táirgthe agus ar thráth na buana.

Íoschion sú: ≥ 30 % de mheáchan na dtorthaí.

Dath an tsú: dath dearg na fola mar gheall ar líocha uisce thuaslagtha (anthocianiní) sa bhia agus sa chraiceann.

An cóimheas idir solaid intuaslagtha agus aigéid orgánacha intoirtmheasctha: nach lú ná 8,0.

Méid siúcra sú, arna shloinneadh in g/100 ml: ar a laghad 9 gcéim Brix.

Maidir le horáistí an TGFC 'Arancia Rossa di Sicilia' atá ar mhéid idir an t-íosmhéid le haghaidh gach cineáil agus méid 10, féadfar iad a scaoileadh freisin lena dtomhailt mar tháirge úr ar a bhfuil an tásc 'da spremuta' ('lena mbrú'). Is le haghaidh úsáid thionsclaíoch amháin oráistí ó mhéid 11 ar aghaidh.

Mar sin féin, féadfaidh an bhuain ar fad a bheith beartaithe le haghaidh táirgeadh scuaise nó sú nó le haghaidh úsáid thionsclaíoch. Tá na ceanglais eile uile a leagtar síos le haghaidh na gcineálacha aonair fós infheidhme.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Arancia Rossa di Sicilia' suas go dtí buain na dtorthaí a dhéanamh go heisiach laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór 'Arancia Rossa di Sicilia' a phacáistiú i gcomhréir le rialacha ginearálta agus caighdeáin tomhais na trádála torthaí agus glasraí nuair a scaoiltear lena dtomhailt é. Ní mór greamán ar a bhfuil an lógó a thaispeántar thíos a bheith le feiceáil: ar 80 % ar a laghad de thorthaí suas le méid 5 i gcás saothróga Tarocco, méid 7 i gcás saothróga Moro agus méid 7 i gcás saothróga Sanguinello a dhíoltar i bpacáistíocht aonsraithe; ar 50 % ar a laghad de thorthaí suas le méid 5 i gcás saothróga Tarocco, méid 7 i gcás saothróga Moro agus méid 7 i gcás saothróga Sanguinello a dhíoltar i bpacáistíocht dhá shraith. Is féidir suas le 20 % de na torthaí a chlúdach i bpáipéar síoda ar a bhfuil lógó TGFC seachas greamáin a ghreamú díobh. Féadfar an táirge a dhíol i líonta speisialta, i málaí Girsac, i bpacáistí ina bhfuil dhá thoradh nó níos mó nó a leithéid i gcás oráistí suas le méid 5 i gcás Tarocco, méid 7 i gcás Moro agus méid 7 i gcás saothróga Sanguinello. Ní gá greamáin a ghreamú de thorthaí a dhíoltar sa phacáistíocht dhúnta shéalaithe sin a chuireann cosc, in aon chás, ar láimhseáil na dtorthaí. Ní ceadmhach meáchan níos mó ná 1,5 kg a bheith sna pacáistí sin. Féadfar an táirge a dhíol trí ríomhthráchtáil, ar líne nó i ngrúpaí ceannaigh i mboscaí cairtchláir dúnta i gcás oráistí suas le méid 5 i gcás Tarocco, méid 7 i gcás Moro agus méid 7 i gcás saothróga Sanguinello. Ní gá greamáin a ghreamú de thorthaí a dhíoltar sa phacáistíocht dhúnta shéalaithe sin a chuireann cosc, in aon chás, ar láimhseáil na dtorthaí. Níor cheart meáchan níos lú ná 3 kg a bheith sna pacáistí sin. Féadfar oráistí de mhéideanna 6 go 10 le haghaidh Tarocco, de mhéideanna 8 go 10 le haghaidh Moro agus de mhéideanna 8 go 10 le haghaidh saothróga Sanguinello a dhíol i líonta speisialta, i málaí Girsac nó i bpacáistíocht eile ar a bhfuil na focail 'da spremuta' '(lena mbrú)'. Ní gá greamáin a ghreamú de thorthaí a dhíoltar sa phacáistíocht dhúnta shéalaithe sin a chuireann cosc, in aon chás, ar láimhseáil na dtorthaí. Níor cheart meáchan níos lú ná 2 kg a bheith sna pacáistí sin. Féadfar torthaí ó mhéid 6 le haghaidh saothróga Tarocco, ó mhéid 8 le haghaidh saothróga Moro agus ó mhéid 8 le haghaidh saothróga Sanguinello a dhíol i mbulc gan greamáin i gcineálacha éagsúla pacáistíochta. Ní mór na pacáistí a dhúnadh agus/nó a shéalú le scannán trédhearcach agus/nó micreapholLta, lena n-áirítear nuair a dhíoltar iad leis an tionscal óstáin, bialainne agus lónadóireachta nó le ceaintíní d'aon chineál. Ní mór na focail 'da spremuta' ('lena mbrú') a bheith ar lipéadú na bpacáistí sin. Ní mór oráistí atá beartaithe lena bpróiseáil a sholáthar don tionscal i mboscaí bruscair, i gcliathbhoscaí nó i gcoimeádáin leis na cineálacha a shonraítear orthu. Ní mór a lua go soiléir sna doiciméid taistil a úsáidtear le linn iompair gurb é oráistí TGFC Arancia Rossa di Sicilia an lasta. Féadfar gach cineál pacáistíochta agus ábhar pacáistíochta a cheadaítear faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm a úsáid.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Arancia Rossa di Sicilia' a bheith ar gach pacáistíocht, nó ar na pacáistí aonair atá ann, lena n-áirítear líonta agus a leithéid, i gcarachtair shoiléire dhoscriosta is féidir a idirdhealú go héasca ó gach scríbhinn eile ar an lipéadú, agus ainm an chineáil ('Tarocco', 'Moro' nó 'Sanguinello' díreach ina dhiaidh). Ní mór na focail 'Indicazione geografica protetta' [Tásc Geografach faoi Chosaint] nó a acrainm 'IGP' [TGFC] a bheith le feiceáil díreach faoina mbun. Níor cheart aon tuairisc ná téarma a bheith ag gabháil leis an tásc thuas seachas na cinn dá bhforáiltear go sainráite, lena n-áirítear aidiachtaí amhail 'cineál', 'mín', 'breise', 'barrmhaith', 'roghnaithe' nó 'rogha'. Thairis sin, toirmisctear ainmneacha cineálacha seachas iad siúd dá bhforáiltear go sainráite sa tsonraíocht táirge a úsáid. Féadfar ainm an chineáil a scríobh amach ina iomláine. Údaraítear tásca a thagraíonn d'ainmneacha, d'ainmneacha cuideachta agus do bhrandaí príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach gcuirfidís an tomhaltóir amú. Féadfar ainmneacha na ngabháltas sonrach nó na n-úllord óna dtagann na horáistí a léiriú freisin. Ní mór ainm, ainm cuideachta agus seoladh an phacáisteora a bheith ar an bpacáistíocht freisin, chomh maith leis an ollmheáchan bunaidh. Tá sé roghnach an tseachtain ar buanadh na torthaí a chur in iúl. Féadfar sonraí an phacáisteora agus aon dáileora mar a iontráladh iad sa *Banca Nazionale Degli Operatori Ortofrutticoli* (clár na n-oibreoirí torthaí agus glasraí) a léiriú freisin. Ní mór siombail TGFC an Aontais a bheith ar aon phacáistíocht, lipéad, etc. ar a dtaispeántar lógó TGFC an Aontais freisin.

Lógó 'Arancia Rossa di Sicilia'





5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is críoch dhea-shainithe d'oirthear na Sicile é limistéar táirgeachta an TGFC 'Arancia Rossa di Sicilia' a bhfuil a dálaí ithreach agus aeráide fabhrach do bhithshintéis na n-antóiciaininí lena gcinntear lí na dtorthaí. Sainítear an limistéar mar a leanas:

Cúige Catania: Catania, Adrano, Belpasso, Biancavilla, Caltagirone, Castel di Iudica, Grammichele, Licodia Eubea, Mazzarrone, Militello Val di Catania, Mineo, Misterbianco, Motta Sant'Anastasia, Palagonia, Paternò, Ramacca, Santa Maria di Licodia agus Scordia;

Cúige Siracusa: Lentini, Francofonte, Carlentini con la Frazione di Pedagaggi, Buccheri, Melilli, Augusta, Priolo, Siracusa, Floridia, Solarino agus Sortino;

Cúige Enna: Centuripe, Regalbuto agus Catenanuova.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Saintréith den limistéar ina bhfástar 'Arancia Rossa di Sicilia' is ea dianteagmháil leis an ngrian i rith an lae, teochtaí ísle istoíche mar gheall ar shruthanna aeir a thagann anuas ó mhasaíf bholcánach Shliabh Etna, agus leibhéil ísle frasaíochta. Is iad sin na dálaí is fearr chun oráistí ardcháilíochta de shaothróga éagsúla na gcineálacha Tarocco, Moro agus Sanguinello a fhás.

Sainiúlacht an táirge

Saintréith de chuid 'Arancia Rossa di Sicilia' is ea a mhilseacht agus dath domhain a eipeacairp agus a bhia. Tá meas ar leith air mar gheall ar a bhia, rud a thugann sú dearg fola nuair a bhrúitear é a bhuí lena stríoca dearga de dhéine éagsúil.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht, clú nó saintréithe eile an táirge

Tá traidisiún láidir saothraithe torthaí citris sa tSicil, agus tá fianaise air sin le fáil i bhfoinsí a théann siar go dtí tráth réimeas na nArabach. Go háirithe, sna cnoic agus sa mhachaire mórthimpeall Shliabh Etna, rinneadh traidisiún saothraithe oráistí a fhorbairt agus a bheachtú lena thréithe sainiúla féin. Is é an toradh a bhíonn ar na héagsúlachtaí móra teochta sa limistéar sin carnadh suntasach siúcraí agus líocha antóiciainine, rud a thugann gné an-taitneamhach do na torthaí a bhuí le dath domhain an eipeacairp agus blas milis sainiúil. I gcaitheamh na gcéadta blianta, tá na cineálacha Tarocco, Moro agus Sanguinello níos oiriúnaí ná riamh don timpeallacht ina bhfástar 'Arancia Rossa di Sicilia'. Dá bhrí sin, tugann 'Arancia Rossa di Sicilia' sampla an-soiléir den nasc láidir atá ann idir dálaí aeráide limistéir fáis agus saintréithe an táirge. Go deimhin, níl an dath sainiúil agus na tréithe orgánaileipteacha sonracha a bhaineann le cáil 'Arancia Rossa di Sicilia' ag na cineálacha céanna oráiste a fhástar in aeráidí eile.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3343